

Curaclam Matamaitice na Bunscoile

Am

	Céim 1 (Naíonáin Bheaga agus Mhóra)	Céim 2 (Rang a hAon agus a Dó)	Céim 3 (Rang a Trí agus a Ceathair)	Céim 4 (Rang a Cúig agus a Sé)
<i>Trí eispéiris chuí foghlama spraiúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh an páiste in ann</i>				
Torthaí Foghlama	tuiscint a fhorbairt ar am agus a úsáidí.	tuiscint a fháil ar an gcaoi a ndéantar am a thomhas, a chur in iúl agus a thaispeáint. sloinn choibhéiseacha ama a fhiosrú.	am a chur i gcomparáid, a gharmheas agus a thomhas trí úsáid a bhaint as na haonaid tomhais chuí. na coibhneasa idir aonaid agus léirithe éagsúla ama a shainaithint.	tascanna praiticiúla a réiteach agus a chur i láthair a bhfuil léirmhíniú agus ríomh ama i gceist leo.
Coincheapa matamaiticiúla	Is féidir cur síos a déanamh ar imeachtaí i ngnáthchúrsaí an tsaoil agus is féidir iad a chur in ord. Is léaráid úsáideach é amchlár chun an uair a tharlóidh rudaí a thaispeáint.	Déantar meas ar am ach úsáid a bhaint as aonaid uillechoiteanna, soicindí, nóiméid, uaireanta, laethanta, seachtainí, míonna, blianta, céadta agus araile. Tá caidrimh faoi leith idir na haonaid.	Is é 60 an bunús den chóras uimhrithe chun tiontú a dhéanamh ó nóiméid go huair, agus ó shoicindí go nóiméid (agus a mhalairt).	Úsáidtear meán-am Greenwich (MAG) mar an t-am caighdeánach, agus déantar tagairt do na hamchriosanna ar fad eile la hais MAG.
	Caitear an t am go seasta.	Tomhaiseann aonaid ama an méid ama a mhaireann rud éigin.	Cuirtear am in iúl de réir na huair ach úsáid a bhaint as nóiméid nó eatraimh chodánacha de 60 nóiméad.	Meastar luas mar fhad a thaistealaítear in aghaidh gach aonad ama.
	Is féidir am a chur in iúl ar bhealaí éagsúla.	Bogann na lámha uaire agus nóiméid go deiseal de réir mar atá am á chaitheamh. Bogann an dá lámh (trí cinn in amanna) ar luasanna éagsúla, de réir na n aonad ama atá siad a thaispeáint.	Is féidir am a léiriú ach úsáid a bhaint as leaganacha amach 12 uair agus 24 uair. Léiríonn an leagan amach 24 uair an méid uaireanta agus nóiméad a caitheadh ó mheán-oíche.	
	Tá achar nó spás ag gach uair ar an gclog analógach.	Is féidir am a chur in iúl i leaganacha amach analógacha agus digiteacha.	Is uirlisí iad amchláir agus sceidil i gcomhair am a bhainistiú agus a eagrú.	
	Léiríonn féilirí na laethanta agus na míonna agus is féidir iad a úsáid chun aird a tharraingt ar amanna tábhachtacha.	Déantar seachtainí a ríomh in iolraí de sheacht lá.	Déantar laethanta a chomhaireamh ó mheán oíche an lae roimhe sin.	